



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Lúnasa 2023
(OR. en)

12387/23

AGRI 468
AGRIFIN 98
AGRIORG 95
AGRILEG 161
DELACTION 111

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	21 Lúnasa 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2023) 5369 final
Ábhar:	RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an 10.8.2023 lena maolaítear ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le haghaidh na bliana 2023 a mhéid a bhaineann le luach an táirgthe mhargaithe, leis an straitéis náisiúnta agus le cúnamh airgeadais ón Aontas a aisghabháil le haghaidh gealltanais ilbhliantúla in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí de dheasca teagmhais dhíobhálacha mheitéareolaíocha

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2023) 5369 final.

Faoi iamh: C(2023) 5369 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.8.2023
C(2023) 5369 final

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 10.8.2023

lena maolaítear ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le haghaidh na bliana 2023 a mhéid a bhaineann le luach an táirgthe mhargaithe, leis an straitéis náisiúnta agus le cúnamh airgeadais ón Aontas a aisghabháil le haghaidh gealltanais ilbhliantúla in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí de dheasca teagmhais dhíobhálacha mheitéareolaíocha

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, leagtar síos rialacha maidir leis na heagraíochtaí táirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí. Cumhachtaítear don Choimisiún leis an Rialachán sin freisin gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme áirithe a ghlacadh.

Ar bhonn an chumhachtaithe sin, ghlac an Coimisiún, *inter alia*, Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún¹.

I bhfianaise na dteagmhais díobhálach tromchúiseach meitéareolaíoch a tharla i roinnt réigiún Ballstát in earrach 2023, rinneadh damáiste mór do tháirgeadh torthaí agus glasraí. Sa Spáinn, tá an táirgeadh a bhí beartaithe i réigiún na Catalóine laghdaithe 50 % ar a laghad de bharr triomaigh, ach scriosadh táirgeadh i réigiún Emilia-Romagna san Iodáil de bharr tuile. Bhí tionchar tromchúiseach ag triomach freisin ar an leibhéal táirgthe agus ar a cháilíocht i roinnt réigiún sa Fhrainc agus sa Phortaingéil.

Mar gheall ar theagmhais dhíobhálacha mheitéareolaíocha thromchúiseacha earrach 2023, tá deacrachtaí ag go leor eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta agus comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí a gclár oibríochtúil formheasta a chur chun feidhme. Ní chuirfear roinnt gníomhaíochtaí agus bearta formheasta chun feidhme in 2023 agus, dá bhrí sin, ní chaithfear cuid de na cistí oibríocháin. Tá eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta agus comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta eile ag leasú a gcláir oibríochtúil d'fhonn gníomhaíochtaí agus bearta a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar thionchar na dteagmhais díobhálach meitéareolaíoch in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, amhail bearta bainistithe géarchéime.

I bhfianaise chineál gan fasach na dteagmhais sin, is gá na deacrachtaí sin a laghdú trí mhaolú a dhéanamh ar fhorálacha áirithe de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 is infheidhme in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí.

2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Rinneadh comhairliúcháin, ina raibh saineolaithe ó gach ceann de na 27 mBallstát, laistigh den Sainghrúpa um Margaí Talmhaíochta a bunaíodh faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, go háirithe le linn chruinniú an 19 Meitheamh 2023. Leis na cruinnithe sin, bhíothas in ann smaointí an Choimisiúin a chur i láthair maidir le raon feidhme an ghnímh tharmligthe agus na modhnuithe is gá ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún, chomh maith le tuairimí a mhalartú leis na saineolaithe.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an ngníomh tarmligthe seo, maolaítear ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:

¹ Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún an 13 Márta 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte agus lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pionóis atá le cur i bhfeidhm sna hearnálacha sin agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011 ón gCoimisiún.

- príomhghníomhaíocht na n-eagraíochtaí táirgeoirí;
- an modh ríofa ‘luach an táirgthe mhargaithe’;
- dea-chothromaíocht beart/gníomhaíochtaí laistigh de chlár oibríochtúla;
- nós imeachta an leasaithe;
- clár oibríochtúla a chur ar fionraí;
- clár oibríochtúla a scor; agus,
- na gealltanais ilbhliantúla.

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 10.8.2023

lena maolaítear ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le haghaidh na bliana 2023 a mhéid a bhaineann le luach an táirgthe mhargaithe, leis an straitéis náisiúnta agus le cúnamh airgeadais ón Aontas a aisghabháil le haghaidh gealltanais ilbhliantúla in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí de dheasca teagmhais dhíobhálacha mheitéareolaíocha

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margáí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle², agus go háirithe Airteagail 37 agus 173 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De dheasca teagmhais dhíobhálacha thromchúiseacha mheitéareolaíocha a tharla i roinnt réigiún Ballstát in earrach 2023, rinneadh damáiste mór do tháirgeadh torthaí agus glasraí. Sa Spáinn, tá an táirgeadh a bhí beartaithe i réigiún na Catalóine laghdaithe 50 % ar a laghad de bharr triomaigh, ach scriosadh táirgeadh i réigiún Emilia-Romagna san Iodáil de bharr tuile. Bhí tionchar tromchúiseach ag triomach freisin ar an leibhéal táirgthe agus ar a cháilíocht i roinnt réigiún sa Fhrainc agus sa Phortaingéil.
- (2) I bhfianaise theagmhais dhíobhálacha thromchúiseacha mheitéareolaíocha earrach 2023, tá deacrachtaí ag go leor eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta agus comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí a gclár oibríochtúil formheasta a chur chun feidhme. Ní chuirfear roinnt gníomhaíochtaí agus bearta formheasta chun feidhme in 2023 agus, dá bhrí sin, ní chaithfear cuid de na cistí oibriúcháin. Tá eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta agus comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta eile ag leasú a gclár oibríochtúil d'fhonn gníomhaíochtaí agus bearta a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar thionchar na dteagmhais díobhálach mheitéareolaíoch in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, amhail bearta bainistithe géarchéime.
- (3) I bhfianaise chineál gan fasach na dteagmhais díobhálach mheitéareolaíoch tromchúiseach in earrach 2023, is gá na deacrachtaí sin a mhaolú trí mhaolú a dhéanamh ar fhorálacha áirithe de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891³ is infheidhme in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí.

² IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

³ Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún an 13 Márta 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte agus lena bhforlíontar Rialachán (AE)

- (4) Ba cheart feidhm a bheith ag maoluithe sealadacha maidir le cláir oibríochtúla a leanann de bheith ag oibriú faoi na coinníollacha is infheidhme faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 i gcomhréir leis na forálacha idirthréimhseacha a leagtar síos in Airteagal 5(6), an chéad fhomhír, pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/2117 agus in Airteagal 1, pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2528⁴.
- (5) Ina theannta sin, de bharr na dteagmhas díobhálach meitéareolaíoch tromchúiseach, thángthas ar dheacrachtaí eisceachtúla i mBallstáit áirithe maidir le cláir oibríochtúla eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta agus comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí a phleanáil, a bhainistiú agus a chur chun feidhme. Dá thoradh sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh moill ar chur chun feidhme na gclár oibríochtúil sin agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé nach gcomhlíonfadh eagraíochtaí táirgeoirí agus comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí ceanglais an Aontais, a leagtar síos le haghaidh na gclár oibríochtúil sin i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891. Tá eagraíochtaí táirgeoirí leochaileach freisin don chur isteach agus don suaitheadh atá ann de dheasca teagmhais dhíobhálacha mheitéareolaíocha agus tá deacrachtaí airgeadais agus fadhbanna sreafaí airgid acu mar gheall ar laghdú nó scriosadh táirgthe. Tá tionchar díreach aige sin ar a gcobhsaíocht airgeadais agus ar a gcumas cláir oibríochtúil a chur chun feidhme, ní hamháin sa bhliain 2023 ach sna blianta ina dhiaidh sin freisin, toisc go mbíonn tionchar ag luach an táirgthe mhargaithe le haghaidh na bliana 2023 ar ríomh cúnaimh airgeadais ón Aontas le haghaidh na mblianta ina dhiaidh sin. Tá sé sin ag dul i bhfeidhm a thuilleadh ar chumas na n-eagraíochtaí táirgeoirí bearta agus gníomhaíochtaí a thabhairt isteach lena ndírítear ar éifeachtaí na dteagmhas díobhálach meitéareolaíoch. Ina theannta sin, leis an laghdú ar luach an táirgthe mhargaithe de bharr teagmhais dhíobhálacha mheitéareolaíocha, cuirtear isteach ar leanúnachas agus ar inmharthanacht chláir oibríochtúla na n-eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí amach anseo.
- (6) Chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí na dteagmhas díobhálach meitéareolaíoch, agus ar dtionchar ar luach na dtáirgí a dhíoltar, ba cheart eagraíochtaí táirgeoirí a dhíolmhú in 2023 ó na forálacha a leagtar síos in Airteagal 11(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, i ndáil leis an oibleagáid nach mór luach eacnamaíoch na dtáirgí a dhíoltar ó tháirgeoirí nach comhaltaí den eagraíocht táirgeoirí iad nó den chomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí a bheith faoi bhun luach an táirgthe mhargaithe de chuid na heagraíochtaí táirgeoirí nó an chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí.
- (7) Caillteanais luach an táirgthe mhargaithe in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí a bhfuil tionchair dhíobhálacha mheitéareolaíocha ina gcúis leo, beidh tionchar an-mhór ag na caillteanais sin ar an méid cúnaimh ón Aontas a fhaigheann na heagraíochtaí táirgeoirí an bhliain ina dhiaidh sin, arae ríomhtar méid an chúnaimh ón Aontas mar chéatadán de luach an táirgthe mhargaithe atá ag gach eagraíocht táirgeoirí ar leith. Dá dtiocfadh laghdú mór ar luach an táirgthe mhargaithe in 2023, bheadh eagraíochtaí táirgeoirí i mbaol a n-aitheantas mar eagraíochtaí táirgeoirí a chailleadh, arae ar cheann de na critéir um aitheantas a fháil tá an critéar nach mór íosluach áirithe

Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pionóis atá le cur i bhfeidhm sna hearnálacha sin agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011 ón gCoimisiún (IO L 138, 25.5.2017, lch. 4).

⁴ Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2528 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 611/2014, (AE) 2015/1366 agus (AE) 2016/1149 is infheidhme maidir le scéimeanna cabhrach in earnálacha talmhaíochta áirithe (IO L 328, 22.12.2022, lch. 70).

táirgthe margaithe a bhaint amach ar an leibhéal náisiúnta. Bheadh cobhsaíocht fhadtéarmach na n-eagraíochtaí táirgeoirí i mbaol dá bharr. Dá bhrí sin, dá dtiocfadh laghdú 35 % ar a laghad ar luach táirge in 2023 de bharr theagmhais dhíobhálacha mheitéareolaíocha earrach 2023, agus dá mbeadh na cúiseanna leis sin sin lasmuigh d'fheagracht agus rialú eagraíochtaí táirgeoirí, ba cheart luach an táirgthe mhargaithe le haghaidh 2023 a bhunú mar 100 % de luach an táirgthe mhargaithe do mheán na 5 thréimhse tagartha 12 mhí roimhe sin, cé is moite de na luachanna is ísle agus is airde chun gníomhú in aghaidh na gcaillteanas sin. Ní leor an tairseach 65 % de luach an táirgthe mhargaithe sa tréimhse roimhe sin, a leagtar síos in Airteagal 23(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, chun cobhsaíocht eacnamaíoch agus airgeadais a bhaint amach i gcúinsí na dteagmhas díobhálach meitéareolaíoch i gcás na n-eagraíochtaí táirgeoirí lena mbaineann an caillteanas sin maidir le luach an táirgthe mhargaithe sin.

- (8) Ba cheart na Ballstáit a dhíolmhú freisin i gcás na bliana 2023 ó na forálacha a leagtar síos in Airteagal 27(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, maidir lena n-oibleagáid céatadáin uasta an chiste oibriúcháin a d'fhéadfaí a chaitheamh ar bhearta aonair nó ar chineálacha gníomhaíochta a shocrú sa straitéis náisiúnta.
- (9) Faoi réir fhorghnó na mBallstát, féadfaidh eagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a gclár oibríochtúil a leasú le haghaidh blianta ina dhiaidh sin nó fiú le linn na bliana cur chun feidhme, mar a leagtar síos in Airteagal 34(1) agus in Airteagal 34(2), an chéad fhomhír, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891. Chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí na dteagmhas díobhálach meitéareolaíoch, ba cheart iad a bheith in ann freisin in 2023 gan na forálacha sin a chur i bhfeidhm go sealadach.
- (10) D'fhoilligh pleanáil, bainistiú agus cur chun feidhme na gclár oibríochtúil formheasta a choigeartú de dheasca teagmhais dhíobhálacha mheitéareolaíocha, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann, de mhaolú ar Airteagal 34(2), an dara fhomhír, pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, údarú a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí a gclár oibríochtúil a chur ar fionraí ina iomláine nó i bpáirt in 2023.
- (11) I gcomhréir le hAirteagal 36(2), pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, má scoireann eagraíocht táirgeoirí nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí dá chlár oibríochtúil a chur chun feidhme roimh dheireadh a ré sceidealaithe, níl aon íocaíocht eile le déanamh leis an eagraíocht ná leis an gcomhlachas sin i leith gníomhaíochtaí a chuirfear chun feidhme tar éis dháta scoir an chlár oibríochtúil sin. Chun cobhsaíocht airgeadais na n-eagraíochtaí táirgeoirí a áirithiú, níor cheart cabhair a fuarthas le haghaidh gníomhaíochtaí incháilithe a rinneadh roimh scor an chlár oibríochtúil a aisghabháil i gcás ina léireoidh an eagraíocht táirgeoirí nó an comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí d'údarás inniúil an Bhallstáit gur scoradh an clár oibríochtúil sin in 2023 ar chúiseanna a bhaineann leis na teagmhais dhíobhálacha mheitéareolaíocha agus a bhí lasmuigh de rialú agus freagracht na heagraíochta táirgeoirí.
- (12) Chun cobhsaíocht airgeadais na n-eagraíochtaí táirgeoirí a áirithiú, cúnamh airgeadais a fuarthas ón Aontas le haghaidh gealltanais ilbhliantúla in earnáil na nglasraí agus na dtorthaí, amhail gníomhaíochtaí comhshaoil, níor cheart an cúnamh airgeadais sin a aisghabháil agus a aisíoc leis an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT), dá bhforáiltear in Airteagal 36(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, i gcás nárbh fhéidir a gcuspóirí fadtéarmacha a bhaint amach toisc gur cuireadh isteach orthu in 2023 ar chúiseanna a bhaineann le hiarmhairtí theagmhais dhíobhálacha earrach 2023.

- (13) I bhfianaise an ghá atá ann gníomhú láithreach, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maoluithe sealadacha ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891

1. De mhaolú ar Airteagal 11(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, in 2023, an teorainn ar dá réir nach bhféadfaidh eagraíocht táirgeoirí táirgí a dhíol ach ó tháirgeoirí nach comhaltaí d'eagraíocht táirgeoirí nó de chomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí iad, ar choinníoll go bhfuil luach eacnamaíoch na gníomhaíochta sin faoi bhun luach a táirgthe mhargaithe, ní bheidh feidhm aici maidir le heagraíochtaí táirgeoirí a ndéanann teagmhais mheitéareolaíocha dhíobhálacha earrach 2023 difear dóibh.
2. De mhaolú ar Airteagal 23(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, i gcás inar tháinig laghdú 35 % ar a laghad ar luach táirge de dheasca theagmhais dhíobhálacha mheitéareolaíocha earrach 2023 ar chúiseanna nach bhfuil faoi fhreagracht ná faoi rialú na heagraíochta táirgeoirí, measfar gurb éard atá i luach an táirgthe mhargaithe i gcás an táirge sin in 2023 100 % de luach an táirgthe mhargaithe ar feadh mheán na gcúig thréimhse tagartha 12 mhí roimhe sin, gan na luachanna is ísle agus na luachanna is airde a áireamh.
3. De mhaolú ar Airteagal 27(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, le haghaidh na bliana 2023, an oibleagáid atá ar na Ballstáit céatadáin uasta an chiste oibriúcháin a fhéadfar a chaitheamh ar aon bheart aonair nó ar aon chineál gníomhaíochta a leagan amach sa straitéis náisiúnta, ní bheidh feidhm aici maidir le heagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a ndéanann teagmhais dhíobhálacha mheitéareolaíocha earrach 2023 difear dóibh.
4. I gcás na bliana 2023, na hoibleagáidí atá ar na Ballstáit agus ar eagraíochtaí táirgeoirí a mhéid a bhaineann le leasuithe ar chláir oibríochtúla a leagtar síos in Airteagal 34(1) agus in Airteagal 34(2), an chéad fhomhír, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, ní bheidh feidhm acu maidir le heagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a ndéanann teagmhais dhíobhálacha mheitéareolaíocha earrach 2023 difear dóibh.
5. De mhaolú ar Airteagal 34(2), an dara fhomhír, pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, i gcás na bliana 2023, féadfaidh na Ballstáit údarú a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí a ndéanann teagmhais dhíobhálacha mheitéareolaíocha earrach 2023 difear dóibh a gclár oibríochtúil a chur ar fionraí ina iomláine nó i bpáirt i gcás na bliana 2023.
6. De mhaolú ar Airteagal 36(2), pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, i gcás na bliana 2023, ní aisghabhfar cabhair a fuarthas le haghaidh gníomhaíochtaí incháilithe a rinneadh roimh scor an chláir oibríochtúil, ar choinníoll gur scoireadh an clár oibríochtúil de dheasca dhálaí díobhálacha mheitéareolaíochta earrach 2023 ar chúiseanna nach dtagann faoi rialú ná freagracht na heagraíochta táirgeoirí lena mbaineann.
7. De mhaolú ar Airteagal 36(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, ní dhéanfar cúnamh airgeadais ón Aontas le haghaidh gealltanais ilbhliantúla, amhail

gníomhaíochtaí comhshaoil, a aisghabháil agus a aisíoc le CERT i gcás nach féidir a gcuspóirí fadtéarmacha agus na sochair a bhfuil coinne leo a bhaint amach in 2023 toisc gur cuireadh isteach ar na gealltanais sin in 2023 de dheasca theagmhais dhíobhálacha mheitéareolaíocha earrach 2023.

8. Tabharfaidh an eagraíocht táirgeoirí cruthúnas go bhfuil na coinníollacha dá bhforáiltear sna míreanna roimhe seo á gcomhlíonadh d'údarás inniúil an Bhallstát lena mbaineann.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10.8.2023

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN